



# **SEANAD ÉIREANN**

---

## **BILLE NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ), 2019 OFFICIAL LANGUAGES (AMENDMENT) BILL 2019**

### **LEASUITHE TUARASCÁLA REPORT AMENDMENTS**

---



# SEANAD ÉIREANN

## BILLE NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ), 2019 —AN TUARASCÁIL

### OFFICIAL LANGUAGES (AMENDMENT) BILL 2019 —REPORT

#### *Leasuithe Amendments*

*\*Léiríonn réiltín gur leasú ón Rialtas an leasú*

- \*1. I leathanach 9, líne 37, “tríd an bhfo-alt” a scriosadh agus “trí na fo-ailt” a chur ina ionad.
- \*2. I leathanach 11, líne 6, “i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.” a scriosadh agus “i nGaeilge agus i mBéarla, a bheidh an chumarsáid.” a chur ina ionad.
3. I leathanach 11, líne 6, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “a bheidh an chumarsáid.”:

“I gcás gur i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh an chumarsáid, cinnteoidh an comhlacht poiblí:

- (a) go mbeidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús;
- (b) go mbeidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus sa chlófhoireann chéanna agus den chló céanna agus den stíl chéanna;
- (c) nach mbeidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla;
- (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl; agus
- (e) nach ndéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.”.

—*Na Seanadóirí Niall Ó Donnghaile, Fiontán Warfield, Lynn Ní Bhaíolláin, Pól Ó Gábháin.*

- \*4. I leathanach 11, idir línte 6 agus 7, an méid seo a leanas a chur isteach:

- “(4) I gcás gur i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh an chumarsáid dá dtagraítear i bhfo-alt (3)—
- (a) maidir leis an gcuid den téacs a bheidh i nGaeilge, ní bheidh sí i gcló níos lú ná an chuid den téacs a bheidh i mBéarla agus beidh sí chomh feiceálach, chomh hinfheicthe agus chomh hinléite céanna leis an gcuid den téacs a bheidh i mBéarla, agus

- (b) más rud é, maidir leis an téacs a bheidh i nGaeilge, go mbeidh cuid de giorraithe, beidh an chuid den téacs a bheidh i mBéarla, arb í an t-aistriúchán ar an téacs giorraithe sin í, giorraithe freisin.”.

5. I leathanach 15, líne 4, “nó roimh an 31 Nollaig 2024,” a chur isteach i ndiaidh “nó á athrú aige,”.

—*An Seanadóir Lorraine Ní Chlúmháin-Uí Laoi.*

\*6. I leathanach 14, líne 14, “and part of the text that is in the Irish language is abbreviated the” a scriosadh agus “where part of the text that is in the Irish language is abbreviated, the” a chur ina ionad.

\*7. I leathanach 14, líne 35, “and part of the text that is in the Irish language is abbreviated the” a scriosadh agus “where part of the text that is in the Irish language is abbreviated, the” a chur ina ionad.

8. I leathanach 17, idir línte 15 agus 16, an méid seo a leanas a chur isteach:

**“Caighdeán teanga sa tsainfháil phoiblí agus sa rialáil**

**9F.** I gcás go ngabhfaidh comhlacht poiblí do phróiseas sainfhála poiblí, nó do rialáil ar earnáil seirbhíse ar leith, lena bhféachfaidh an comhlacht poiblí, lena n-áirítear rialálaí Stáit, le conradh nó ceadúnas a dhámhachtain as seirbhís phoiblí a sholáthar, ní foláir don chomhlacht poiblí sin a chinntiú go ndéanfar breithniú cuí ar chumas an pháirtí faoi chonradh na caighdeán teanga do sheirbhísí pobal-inrochtana a leagtar amach in alt 9E a chomhlíonadh, agus go dtabharfar ualú cuí don chéanna.”.

—*Na Seanadóirí Niall Ó Donnghaile, Fiontán Warfield, Lynn Ní Bhaíolláin, Pól Ó Gábháin.*

\*9. I leathanach 17, línte 21 go 23 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“(b) go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge.”.

10. I leathanach 17, líne 22, “d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht” a scriosadh agus “d'aon bhuiséad fógraíochta a úsáidfí an comhlacht” a chur ina ionad.

—*Na Seanadóirí Niall Ó Donnghaile, Fiontán Warfield, Lynn Ní Bhaíolláin, Pól Ó Gábháin.*

11. I leathanach 19, idir línte 29 agus 30, an méid seo a leanas a chur isteach:

“(5) Beidh an tAire agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach do Thithe an Oireachtais as feidhmiú agus obair an Choiste Chomhairligh.”.

—*Na Seanadóirí Niall Ó Donnghaile, Fiontán Warfield, Lynn Ní Bhaíolláin, Pól Ó Gábháin.*

12. I leathanach 25, líne 14, “gach 5 bliana tar éis an lae bunaithe” a scriosadh agus “bliain amháin tar éis an lae bunaithe agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin” a chur ina ionad.

—*Na Seanadóirí Niall Ó Donnghaile, Fiontán Warfield, Lynn Ní Bhaíolláin, Pól Ó Gábháin.*

13. I leathanach 27, línte 34 go 38 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“(b) an dáta a shonrú faoina ndéanfar na seirbhísí go léir arna soláthar ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí do Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus féadfar dátaí éagsúla a shonrú i leith Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta éagsúla, ach ní bheidh an dáta níos déanaí ná an 31 Nollaig 2030.”.

—*Na Seanadóirí Lorraine Ní Chlúmháin-Uí Laoi, Niall Ó Donnghaile, Fiontán Warfield, Lynn Ní Bhaíolláin, Pól Ó Gábháin.*

- \*14. I leathanach 27, línte 35 agus 36, “i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (lena n-áirítear seirbhísí den sórt sin arna soláthar ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí ó áit lasmuigh den Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta)”.